SDCC

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas

South Dublin
County Council

# Ciste Bonneagair Pobail 2026




Léamh ar líne: www.sdcc.ie

**Is ciste de €450,000 é an Ciste Bonneagair Pobail lena gcuirtear deis ar fáil do Ghrúpaí Pobail (lena n-áirítear Clubanna Spóirt) cur isteach ar mhaoiniú, chun cabhrú leis an gcostas a bhaineann le tógáil Áiseanna Pobail nó chun áitribh atá ann cheana féin a nuachóiriú agus/nó a shíneadh.**

Breithneoidh an ciste ar iarratais maoinithe ó íosmhéid de €5,000 suas go dtí uasmhéid de €50,000.

Ní féidir ach iarratas amháin a dhéanamh in aghaidh an Ghrúpa Pobail nó in aghaidh na Saoráide Pobail beartaithe a bhfuiltear lena tógáil/nuachóiriú/síneadh.

Tá maoiniú ar fáil chun cabhrú le costas tógála/ nuachóirithe/ sínte na Saoráide Pobail amháin. Níltear ceaptha an ciste a úsáid chun tacú leis na costais leanúnacha a bhaineann le Saoráidí Pobail a reáchtáil.

Tabharfar tús áite do ghrúpaí nach bhfuil an deis acu cur isteach ar mhaoiniú ó aon fhoinse eile don airgead atá á iarraidh.

Ní mór d’iarratasóirí a léiriú go bhfuil gá ann na hoibreacha a chur i gcrích agus conas a chabhrófar freastal ar riachtanais a shainaithin an pobal áitiúil, nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích. Ba cheart don iarratasóir a léiriú conas a rachaidh an tsaoráid chun tairbhe d’úsáideoirí díreacha na saoráide, agus chomh maith leis sin cén buntáiste a bhainfidh leis an tsaoráid nua/ leis an tsaoráid nuachóirithe/ forbartha atá ann cheana féin don phobal níos leithne.

Caithfidh iarratasóirí plean buiséid a chur ar fáil agus na costais go léir san áireamh ann, ag léiriú go bhfuil an chuid eile den airgead a theastaíonn don tsaoráid acu (agus fianaise dhoiciméadach mar chruthúnas gurb ann don airgead seo) ionas go gcuirfear na hoibreacha beartaithe uilig i gcrích.

Caithfidh iarratasóirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil gach cead cuí faighte acu chun na hoibreacha beartaithe uile a chur i gcrích. Ina measc sin, beidh faomhadh i gceist ó úinéir na Saoráide/ Úinéir na talún a bhfuil an tSaoráid lonnaithe uirthi/a mbeidh an tSaoráid lonnaithe uirthi, chomh maith le fianaise de cheadanna pleanála cuí más bainteach leis na hoibreacha beartaithe. Gach iarratasóir a bhfuil oibreacha foirgníochta ag teastáil uathu, ba chóir dóibh siúd iarratas a dhéanamh ar Alt 5 de réir mar a chomhairlítear dóibh go bhfuil gá le cead pleanála.



Ní mór do na hiarratasóirí a léiriú go bhfuil na hacmhainní, an t-ioncam rialta agus an saineolas acu chun an tSaoráid Phobail bheartaithe nua nó an tSaoráid Phobail nuachóirithe/ sínte a reáchtáil.

Tá sé beartaithe go gcaithfí an t-airgead leithdháilte ar fad, agus go gcuirfear na hoibreacha go léir i gcrích roimh dheireadh mhí na Samhna 2027. Leis seo, tabharfar tús áite do thionscadail ar féidir leo cloí leis an amscála seo, agus na hoibreacha tógála ar fad a chur i gcrích roimh dheireadh mhí na Samhna 2027.

Ní mór iarratas ar mhaoiniú a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais oifigiúil ar líne. Ní mór an fhoirm iarratas a chomhlánú ina hiomláine, agus na cáipéisí tacaíochta ábhartha uile a chur ar fáil ar nó roimh an dáta deiridh Déardaoin 16 Aibreán 2026 ar 4.00i.n. Déanfaidh Coiste moltóireacht ar na hiarratais, bunaithe ar an eolas a chuirfear ar fáil iontu. Féadfar eolas breise a lorg le linn an phróisis measúnaithe.

Reáchtálfar seisiúin eolais ar an láthair in Ionad Pobail Theach na Giúise Dé Máirt 24 Márta ar 7.00i.n. agus in Ionad Pobail Rualaí Dé Céadaoin 25 Márta ar 7.00i.n. agus ar líne Déardaoin 26 Márta ar 7.00i.n.

## Treoirlínte do mhaoiniú faoin gCiste Bonneagair Pobail 2026

1. Ní mór an tSaoráid Phobail atá i gceist san iarratas ar mhaoiniú a bheith lonnaithe laistigh de cheantair riaracháin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.
2. Ní mór d'iarratasóirí a bheith ábalta fianaise a chur ar fáil go bhfuil gá leis an tSaoráid Phobail nua/ nó le nuachóiriú/ síneadh na Saoráide atá ann cheana féin chun freastal ar riachtanais a shainaithin an pobal áitiúil, agus go bhfuil tacaíocht phobail ann chun na hoibreacha seo a chur i gcrích.
3. Caithfidh iarratasóirí a bheith aitheanta go foirmeálta agus caithfidh siad cóip dá mBunreacht a chur isteach lena n-iarratas.
4. Ní mór cuntas bainc a sholáthar atá in ainm an ghrúpa a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh aige.
5. Ní mór cóip de Chuntais Iniúchta nó de Ráitis Bhainc an ghrúpa don 12 mhí roimhe sin a chur isteach. Ní mór don aighneacht reachtaíocht um chosaint sonraí a chomhlíonadh, ní choinneoidh an Chomhairle an fhaisnéis seo.
6. Ní mór fianaise ar árachas dóthanach a chur ar fáil, agus ní mór Comhairle Contae Átha Cliath Theas a shlánú ar luach €6.5milliún.
7. Caithfidh gach iarratas agus oibreacha molta luach iontach ar airgead a léiriú.
8. Caithfidh iarratasóirí plean buiséid a chur ar fáil agus na costais uile san áireamh ann, ag léiriú go bhfuil an chuid eile den airgead a theastaíonn don tsaoráid acu (agus fianaise dhoiciméadach curtha ar fáil mar chruthúnas gurb ann don airgead seo) ionas go gcuirfear na hoibreacha beartaithe i gcrích.
9. Ní mór don iarratasóir atá ag cur isteach ar mhaoiniú a bheith ábalta a léiriú:
    - Go bhfuil an Grúpa féin inmharthana ó thaobh airgid de
    - Gur féidir leis an nGrúpa gach costas leanúnach a chlúdach a bhaineann leis an tSaoráid Phobail nua nó leis an tSaoráid Phobail athchóirithe/sínte.
10. Caithfidh iarratasóirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil gach cead cuí faighte acu chun na hoibreacha beartaithe uilig a chur i gcrích agus caithfear cead scríofa a fháil ó Úinéir na Saoráide/ón Úinéir Talún murar leis an ngrúpa féin an tSaoráid Phobail/an talamh ar a ndéanfar na hoibreacha beartaithe. Gach iarratasóir a bhfuil oibreacha foirgníochta ag teastáil uathu, ba chóir dóibh siúd iarratas a dhéanamh ar Alt 5 de réir mar a chomhairlítear dóibh go bhfuil gá le cead pleanála.

11. Ní mór fianaise den chéad pleanála (más cuí) a chur ar fáil, an uimhir thagartha phleanála a lua san iarratas, agus stádas reatha an iarratais a chur in iúl.

    **Tabhair faoi deara go bhfuil sé i gceist go gcuirfear na hoibreacha maoinithe uilig i gcrích faoi dheireadh mhí na Samhna 2027.*

12. Ní bheidh aon chostas a gearradh ar an iarratasóir ná oibreacha a ordaíodh nó a cuireadh i gcrích sular cuireadh iarratas isteach i dteideal an mhaoinithe.
13. Íocfar maoiniú cúlghabhálach le hiarratasóirí rathúla go hiondúil (nó de réir a chéile má shocraítear leis an gComhairle é), leis an ngrúpa, nuair a chruthaítear gur cuireadh na hoibreacha ar leithdháileadh an t-airgead lena n-aghaidh i gcrích. Ní mór doiciméid, lena n-áirítear admhálacha, a chur ar fáil mar fhianaise go ndearnadh na hoibreacha agus gur íocadh astu go léir.
14. Mar riachtanas de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, ní mór do gach grúpa an Fhoirm Chláraithe d'Eagraíochtaí Deonacha Neamhbhrabúis a chomhlánú. Ní mór don ghrúpa an Fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Ar Uimhir Thagartha Cánach a fháil, ní mór cóip di a chur faoi bhráid na Rannóige Seirbhísí Pobail.
15. Ní mór do gach iarratasóir a bheith cláraithe leis an PPN (Líonra Rannpháirtíochta Pobail) agus a uimhir PPN a chur isteach ar an bhfoirm iarratais nuair a lorgaítear í.
16. Ní mór aitheantas poiblí a thabhairt do Chiste Bonneagair Pobail Chomhairle Contae Átha Cliath Theas i ngach ábhar bolscaireachta a bhaineann leis an tsaoráid.

## Iarratais neamh-incháilithe

Cé nach liosta iomlán é seo, ní fhaomhfar maoiniú do thógáil/ nuachóiriú/ síneadh na Saoráidí Pobail seo a leanas:-

1. Saoráidí a bheidh in úsáid chun gníomhaíochtaí/seirbhísí a chur ar fáil a bhfuil sé de dhualgas ar chomhlacht reachtúil iad a chur ar fáil.
2. Saoráidí a bheidh in úsáid chun creideamh nó tuairimí polaitiúla a chur chun cinn.

## Déantar Deontais Pobail a mheasúnú faoi na príomhcheisteanna thíos:

A. Tionchar ar an bpobal áitiúil agus rannpháirteachas leis an bpobal áitiúil
B. Grúpaí eile a bheith ann/ ar fáil a dhéanann an obair chéanna/dúbláil gníomhaíochtaí.
C. Dea-theist chruthaithe agus acmhainn an ghrúpa an tionscadal a sheachadadh.
D. Costais tionscadail atá soiléir agus cruinn a bheith curtha ar fáil.
E. Tionscadail/oibreacha a léiríonn luach maith ar airgead.
F. Cistí reatha atá ar fáil don ghrúpa/cistí atá ag grúpaí cheana féin agus infhaighteacht foinsí maoinithe eile.
G. Tionscadail/oibreacha a léiríonn inbhuanaitheacht.

## An dáta deiridh le haghaidh iarratas:

Déardaoin 16 Aibreán 2026 ar 4.00i.n.

Ní mór iarratais a dhéanamh Ar Líne trí Shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ag **www.sdcc.ie**



Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

Fiagh agus lean Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar / Find and follow **SDCC** on